

Nósanna imeachta chun déileáil le gearáin faoi Alt 83 den Acht um Míchumas, 2005

Is féidir gearán a dhéanamh i dtaobh na Roinne muna gcomhlíonann sí forálacha Ailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas, 2005. Baineann na hailt seo den Acht le teacht ag daoine faoi mhíchumas ar:

- foirgnimh phoiblí na Roinne;
- scéimeanna agus seirbhísí na Roinne;
- seirbhísí arna soláthar don Roinn; agus
- eolas.

De réir Alt 39 (2) den Acht um Míchumas, 2005ⁱ seo a leanas na nósanna imeachta chun gearáin mar iad a dhéanamh agus a imscrúdú.

Conas gearán a dhéanamh

1. Féadfaidh duine gearán a dhéanamh nó féadfar é a dhéanamh ar a s(h)on ag:

- céile/páirtí, tuismitheoir nó gaol;
- caomhnóir nó duine atá ag gníomhú *in loco parentis* don duine sin;
- ionadaí dlí;
- abhcóide pearsanta, sannta ag an mBord Eolais do Shaoránaigh chun labhairt thar ceann an duine sin;

nó ag duine eile a phléadálann ar son an duine sin lena t(h)oil.

2. Caithfear gearán a dhéanamh i scríbhinn, agus glacfar le facs nó ríomphost, agus ba cheart gach sonraí teagmhála a sholáthar, lena n-áirítear Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí an ghearánaí, má tá sí agat.

3. Ba cheart go ndéarfaí sa ghearán gur gearán é faoi Alt 38 den Acht um Míchumas 2005 agus ba cheart na forais leis an ngearán a leagan amach chomh soiléir agus is féidir maidir le faillí na Roinne teacht a thabhairt ar a scéimeanna agus a seirbhísí.

4. Caithfear an gearán a sheoladh chuig:

An tArd-Rúnaí,
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,
Áras Mhic Dhiarmada,
Sráid Stórais,
Baile Átha Cliath 1.

Is iad seo a leanas an uimhir facs agus an seoladh ríomphoist:

Facs: (01) 7043721

Ríomhphost: secretary.general@welfare.ie

5. I ndiaidh don Ard-Rúnaí gearán a fháil, cuirfidh sí/sé an gearán ar aghaidh chuig Oifigeach Fiosrúchán ⁱⁱ agus cuirfidh in iúl don ghearánaí go bhfuil sin déanta.

Conas gearán a fhiosrú

6. Ar fháil an ghearáin ón Ard-Rúnaí, cuirfidh an tOifigeach Fiosrúchán scéala chuig an gearánaí go bhfuil an gearán faighte aige/aici.
7. Scrúdóidh an tOifigeach Fiosrúchán an gearán féachaint an mbaineann sé le faillí líomhnaithe ar thaobh na Roinne géilleadh do Ailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas, 2005.
8. I gcás go measann an tOifigeach Fiosrúchán gur gearán cráiteach nó snaibheosach é, cuirfidh sé/sí é sin in iúl don Ard-Rúnaí agus don ghearánaí. I ngach cás eile, fiosróidh sé/sí an gearán.
9. Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúchán breis eolais/sonraí a lorg ón ngearánaí agus féadfaidh sé/sí a iarraidh go gcuirfí eolas/sonraí mar iad ar fáil laistigh de thréimhe ama sonraithe.
10. Féadfaidh an tOifigeach Fiosrúchán dul i gcomhairle le gach páirtí a mheasann sé/sí atá bainteach leis an ábhar.
11. Le linn an fhiosraithe, féadfaidh an tOifigeach Fiosrúchán agallamh a chur ar dhaoine a mheasann sé/sí atá bainteach leis an ngearán, agus an gearánaí féin san áireamh, chun eolas a fháil.
12. Coimeádfaidh an tOifigeach Fiosrúchán taifead scríofa dá f(h)iosrú.
13. Réiteoidh an tOifigeach Fiosrúchán tuarascáil scríofa de thorthaí an fhiosraithe ina leagfar amach na torthaí ar fad mar aon le cinneadh i dtaca le:
 - cibé an ndearna an Roinn faillí i gcomhlíonadh an fhoráil ábhartha den Acht um Míchumas, agus
 - má léiríonn cinneadh mar é go ndearnadh faillí, na céimeanna ar chóir don Roinn a thógáil chun géilleadh don fhoráil/do na forálacha ábhartha den Acht.
14. Soláthróidh an tOifigeach Fiosrúchán cóip dá t(h)uarascáil don ghearánaí agus don Ard-Rúnaí.
15. Cuirfidh soláthar na tuarascála don ghearánaí agus don Ard-Rúnaí deireadh le fiosrú an ghearáin.

ⁱ Forálann Alt 39 (2) go ndrúachtóidh ceannasaí forais phoiblí nósanna imeachta maidir leis an gcaoi le gearán a dhéanamh agus a fhiosrú agus aon nithe eile a bhaineann le gearáin mar a mheasann sé/sí a bheith cuí agus cuirfidh na nósanna imeachta á bhfoilsíú.

ⁱⁱ Tá Oifigigh Fiosrúcháin ceaptha ag an Ard-Rúnaí ina c(h)áil mar cheannasaí na Roinne, de réir fhorálacha Alt 39 (1) den Acht um Míchumas, 2005, chun gearáin a dhéanfar faoi Alt 38 den Acht um Míchumas a fhiosrú. Beidh Oifigeach Fiosrúcháin neamhspleách agus é i mbun dualgas. Is faoi rún a dhéanfaidh Oifigeach Fiosrúcháin gearán a fhiosrú.